

## **SEICLIOSTA LE HAGHAIDH CHONRADH FOSTAÍOCHTA RÚNAÍ~TÉARMA SOCRAITHE**

Tá na leideanna sa doiciméad aibhsithe le dath dearg. Is gá a chinntiú go scriostar na leideanna agus go n-ionsátar an t-eolas cuí.

Toisc gur teimpléad an doiciméad seo ní mór é a chur in oiriúint do riachtanais dhílse na scoile. Tá sé arna bheartú go n-úsáidfean an Conradh teimpléadach i gcás ina mbíonn fostaithe sealadacha nua á gceapadh.

Tá sé tábhachtach go dtragraítear don Nóta Treorach maidir le Saincheisteanna Fostaíochta Ginearálta atá ar shuíomh idirlín CPSMA [CBBC ([Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha](#))].

Fostaí téarma shocraithe is ea an leagan cineálach a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar fhostaithe ar fostú go sealadach ar feadh tréimhse/tréimhse ama socraithe, le haghaidh cuspóra shonraithe nó chun sainchúram a shlánú. Tá dhá chonradh teimpléadach ar fáil ar shuíomh idirlín CPSMA [CBBC] maidir le fostaíocht rúnaí pháirtaimseartha:

- (a) conradh le haghaidh rúnaí scoile~téarma socraithe
- (b) conradh le haghaidh rúnaí scoile~cuspóir sonraithe

Tá sé tábhachtach a chinntiú go n-úsáidtear an Conradh ceart. Is ceart teimpléad an “conradh fostaíochta rúnaí scoile~téarma socraithe” a úsáid nuair a bhíonn tú cinnte faoi thréimhse an chonartha i.e. an rúnaí seasta a bheith amuigh ar feadh tréimhse ama cinnte. Toisc nach mbíonn tairbhe i.e. sos gairme/scéim jabroinnte ag rúnaithe bheadh sé neamhghnách rúnaí sealadach a bheith ar chonradh téarma shocraithe. B’fhéidir go n-éireodh na himthosca sin ach mar shampla go gceadódh an Bord Bainistíochta saoire neamhláithreachta do rúnaí ar feadh tréimhse áirithe in imthosca eisceachtúla. Ar an taobh eile nuair nach mbíonn an t-am a fhillfidh an rúnaí seasta ar eolas go cinnte e.g. an rúnaí seasta ar saoire mháithreachais, saoire bhreitheachta, saoire chúramóra, etc. is ceart teimpléad an “conradh fostaíochta rúnaí scoile~cuspóir sonraithe” a úsáid. Is gnách go mór conradh cuspóra shonraithe seachas conradh téarma shocraithe a bheith ann nuair a bhíonn rúnaí scoile shealadaigh á f(h)ostú in áit rúnaí sheasta.

Tá fáil ar an doiciméad dar teideal “Eolas Ginearálta maidir le Conarthaí Téarma Shocraithe/Conarthaí Cuspóra Shonraithe~ Nóta Treorach CPSMA [CBBC]” maidir le hathnuachan chonarthaí múinteoirí sealadacha ar shuíomh idirlín ag [www.cpsma.ie](http://www.cpsma.ie). Moltar go láidir dul i gcomhairle an doiciméid seo sula gcinntear ar cheann amháin den dá chonradh theimpléadacha a roghnú agus fostaí á fhostú go sealadach. Cé go mbaineann na treoracha seo go sonrath le múinteoirí sealadacha, baineann na prionsabail ghinearálta le gach ball foirne.

## AN NDEARNA TÚ

1. An dáta agus an bhliain a ionsá?
2. An t-ainm, an seoladh agus an uimhir rolla a ionsá?
3. Ainm agus seoladh an fhostaí a ionsá?
4. A chur in iúl cé acu post lánaimseartha nó post páirtaimseartha atá i gceist agus pé ceann díobh nach bhfuil i gceist a scriosadh? Clásal 1.01
5. A chinntiú go mbíonn an sainchuntas poist ag gabháil leis. Is ceart teimpléad an tsainchuntais phoist a chur in oiriúint do riachtanais dhílse na scoile.  
Feic clásal 1.02
6. An dáta tosaithe a ionsá? Feic clásal 2.01
7. Dáta éaga an téarma shocraithe a ionsá? Feic clásal 2.01
8. “An Conradh téarma shocraithe seo” nó “an Conradh téarma shocraithe breise seo” a scriosadh mar is iomchuí? Feic clásal 2.03
9. Na forais oibiachtúla gur Conradh téarma shocraithe an Conradh a ionsá? Is gá an chúis go bhfostaítear rúnaí ar chonradh téarma shocraithe a ionsá. Ní mór a bheith soiléir faoin gcúis go díreach go mbíonn Conradh téarma shocraithe i gceist seachas Conradh sheasta. Tá sampla de fhorais oibiachtúla san teimpléad. Is gá duit a chinntiú go scriostar an sampla atá ar fáil sa teimpléad muna bhfuil sé iomchuí agus na forais oibiachtúla iomchuí a ionsá. Feic clásal 2.03
10. An modh a gcuirfidh an fostóir rúnaithe ar théarma shocraithe ar an eolas maidir le folúntais le haghaidh post rúnaíochta seasta a ionsá? Feic clásal 2.05
11. An líon míonna maidir le promhadh nár cheart a bheith níos mó ná 11 mhí agus ar cheart a bheith níos lú ná tréimhse an chonartha téarma shocraithe a ionsá?  
Feic clásal 3.01
12. An líon uaireanta oibre in aghaidh seachtaine, na huaireanta oibre go laethúil agus na laethanta in aghaidh seachtaine a ionsá? Feic clásal 5.01
13. Amanna sosa a ionsá. Feic clásal 5.02.
- .....14. Sonraí thuarastal an fhostaí in aghaidh na bliana / na míosa / na seachtaine mar is iomchuí a ionsá chomh maith le hionsá na n-eatramh ag a n-íoctar é i.e. in aghaidh na seachtaine / coicíse / míosa chomh maith leis an modh íoctha a ionsá i.e. aistriú bainc? Feic clásal 6.01

15. A ionsá go n-íoctar nó nach n-íoctar le haghaidh ragoibre? Feic clásal 6.02
16. An ráta pá agus an clásal maidir le cathain a íoctar é a ionsá má íoctar le haghaidh ragoibre? Feic clásal 6.02
17. Cinneadh maidir le hionsá an chláisail roghnaigh maidir le costais dheimhnithe a chúiteamh? Feic clásal 6.04
18. Ainm an tsoláthraí PRSA [CCSP (Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta)] a ionsá nó ina mhalairt de chás sonraí scéim pinsean na scoile a ionsá má tá scéim pinsean ag an scoil? Feic clásail ailtéarnacha 7.01
19. Sonraí de shochair ar bith eile a ionsá más ann dóibh? Muna bhfuil sochair eile ann is ceart an clásal seo a scríosadh. Feic clásal 7.02
20. An líon laethanta saoire bliantúla i gcás gur mó an tsaoire bhliantúil ná teidlíocht an fhostaí faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 a ionsá? Feic clásal 9.02
21. An líon laethanta saoire bliantúla le glacadh le linn Iúil agus Lúnasa a ionsá? Feic clásal 9.02
22. An t-íosmhéid laethanta saoire bliantúla ar gá don fhostaí a ghlacadh ag an tráth céanna le linn Iúil agus Lúnasa a ionsá? Feic clásal 9.02
23. An t-uasmhéid laethanta saoire bliantúla ar féidir a ghlacadh ag tráth amháin a ionsá? Feic clásal 9.02
24. An tagairt do laethanta pribhléide a scríosadh muna bhfuil a leithéid i gceist? Feic clásal 9.02
25. An clásal atá ina chlásal roghnach maidir le hAoine an Chéasta a ionsá nó a scríosadh? Ní lá saoire poiblí Aoine an Chéasta. Is ceart an clásal a scríosadh má chinntear nach lá saoire le pá é. Is ceart é a scríosadh chomh maith muna síneann tréimhse an téarma shocráithe go hAoine an Chéasta. Feic clásal 9.06
26. An clásal maidir le dhá lá pribhléide a ionsá nó a scríosadh? Is clásal roghnach é seo. Feic clásal 9.07
27. An clásal maidir le bheith i dteideal rannpháirtaíocta sa scéim saoire breoiteachta faoi réir an tréimhse phromhaidh a bheith críochnaithe go sásúil a ionsá, (tá ceithre idirshliocht san alt seo), **nó** ina mhalairt de chás an clásal faoin scoil gan a bheith ag oibriú scéim saoire breoiteachta a ionsá? Feic na clásail ailtéarnacha 10.03
28. Clásal 10.04 a scríosadh muna n-oibrítear scéim saoire breoiteachta?

29. Clásal maidir le asleagain shamhraidh/eile má tá seo infheidhmithe a ionsá?  
Feic clásal 19.01
30. An líon seachtainí d'fhógra a bhíonn le tabhairt ag an bhfostaí a ionsá?  
Feic clásal 23.01
31. An treorú i ndúch dearg gur cheart an Conradh a shíniú i ndúblach etc.  
a scriosadh?
32. An treorú san aguisín i ndúch dearg faoi na dualgais san sainchuntas poist  
teimpléadach gan a bheith ach mar threoir do scoileanna etc a scriosadh?
33. A chinntiú go síníonn an Cathaoirleach agus an Fostaí **araon** an Conradh  
**i ndúblach**?
34. A chinntiú go bhfuil cóip amháin den chonradh sínithe coinnithe ag an scoil  
agus cóip amháin tugtha don fhostaí?
35. Má ardaítear ceisteanna dlí maidir le fostaíocht moltar don scoil teagmháil a  
dhéanamh lena cuid árachóirí chun an t-ábhar a thuairisciú agus chun a fhionnadh  
má tá údarú ann chun comhairle dlí a fháil.